# Vóta 42 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

I dteannta leis an gCuntas, tá ráiteas curtha faoi bhráid agam san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a fheidhmíonn in Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 42.

**Aistriú na bhfeidhmeanna**

Bunaíodh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar 5 Iúil 2011. Sular socraíodh feidhmeanna na Roinne Airgeadais a scaradh i dhá roinn, d’fheidhmíodh sí faoi cheithre Limistéar Rannacha. Aistríodh dhá chlár caiteachais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

- Caiteachas poiblí agus beartas earnála
- Beartas bainistíochta i leith na seirbhísí poiblí

D’fhan dhá chlár sa Roinn Airgeadais :
- Cánachas Buiséid agus Beartas Eacnamaíoch
- Beartas na seirbhísí Airgeadais.

Cruthaíodh clár nua, feidhm na Seirbhísí Roinnte leis na costais sin a ghabháil a bhaineann le bainistiú linne comhchoitinne foirne agus áiseanna idir an dá Roinn.

Cé nár bunaíodh an Roinn go dtí Mí Iúil, bhain na meastacháin don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an mbliain iomlán 2011 agus cuirtear an cuntas i láthair ar an mbonn sin de réir Ailt 24 den Acht um Státchiste agus Roinn Iniúchta 1866.

Scoilteadh na sócmhainní seasta idir an dá Roinn. Taispeántar trealamh TE i gcuntas Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Coimeádadh sócmhainní seasta eile, troscán agus feistis agus trealamh oifige i gcuntas Oifig an Aire Airgeadais. Scoiltear costais dímheasta na sócmhainní seasta idir an dá Roinn ar bhonn líon na foirne.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
28 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta 42: Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráitis faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús thuairim an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo i mo thuairim chun críche m'iniúchta. Is í an tuairim atá agam gur choinnigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Is í an tuairim atá agam go gcuireann an Cuntas Leithghabhála fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair i gceart.

**Seamus McCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
11 Méan Fomhair 2012

# Vóta 42 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
## Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh[1] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí | | | 17,835 | 17,079 | 17,981 |
| B | Polasaí bainistíochta na seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 22,644 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1 | 22,645 | 18,019 | 17,334 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 40,479 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1 | **40,480** | **35,098** | **35,315** |
| | **Asbhain** | | | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **5,639** | **5,047** | **4,034** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 34,840 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1 | **34,841** | **30,051** | **31,281** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | | | **€4,790,181** | |

| | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh[1] |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| (i) | Tuarastail, pánna agus liúntais | 21,573 | 19,544 | 18,455 |
| (ii) | Taisteal agus cothabháil | 262 | 119 | 116 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 152 | 217 | 219 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 75 | 70 | 66 |
| (v) | Trealamh oifige agus trealamh TF seachtrach | 555 | 613 | 886 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | — | 7 | — |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 7 | 4 | — |
| | | 22,624 | 20,574 | 19,742 |

[1] San áireamh sa toradh do 2010 tá costais a bhaineann leis na cláir a aistríodh ó Oifig an Aire Airgeadais (Vóta 6) in 2011.

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 [1] €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas cláir | | | 13,062 | 13,231 |
| Pá | | | 21,006 | 20,782 |
| Neamhphá | | | 1,030 | 1,302 |
| **Ollchaiteachas** | | | 35,098 | 35,315 |
| Asbhain | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 5,047 | 4,034 |
| **Glanchaiteachas** | | | 30,051 | 31,281 |
| | | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | | (150) | | |
| Dímheas | | 1,236 | 1,086 | 427 |
| | | | | |
| **Athruithe i sócmhainní á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid tirim | | | (43) | (170) |
| | | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú i bhfabhruithe deiridh | | (336) | | |
| Méadú stoic | | (25) | | |
| | | | (361) | (77) |
| **Caiteachas díreach** | | | 30,733 | 31,461 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 784 | 215 |
| Meas-chíosanna | | | 1,513 | 2,364 |
| | | | **33,030** | **34,040** |

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 6 | Airgeadas | 143 | — |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 450 | — |
| 20 | Garda Síochána | 29 | 107 |
| | Lárchiste - pinsin na nAirí s.rl. | 162 | 108 |
| | | **784** | **215** |

[1] San áireamh sa toradh do 2010 tá costais a bhaineann leis na cláir a aistríodh ó Oifig an Aire Airgeadais (Vóta 6) in 2011.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2011 [1]

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 2,110 | — |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 132 | — |
| | | **2,242** | — |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 717 | — |
| Stoic | 2.4 | 25 | — |
| Réamhíocaíochtaí | | 355 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 125 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,222** | — |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 19 | — |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 716 | — |
| Glan-fhiachas don Státchiste | 2.7 | 126 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **861** | — |
| **Glansócmhainní reatha** | | **361** | — |
| **Glansócmhainní** | | **2,603** | — |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | | **2,603** | — |

[1] Léiríonn iarmhéideanna 2011 feidhmeanna ar leith á n-aistriú ó Oifig an Aire Airgeadais (Vóta 6) in 2011. Áirítear iarmhéideanna 2010 i ndáil leis na feidhmeanna seo faoi Vóta 6.

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh TF €000 | Trealamh oifige €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | — | — | — |
| Aistrithe ón Roinn Airgeadais | 24,343 | — | 24,343 |
| Breiseanna | 275 | 2 | 277 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 24,618 | 2 | 24,620 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | — | — | — |
| Dímheas ar aistrithe ón Roinn Airgeadais | 20,389 | — | 20,389 |
| Dímheas don bhliain | 2,121 | — | 2,121 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2011 | 22,510 | — | 22,510 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **2,108** | **2** | **2,110** |

Suas go 31 Nollaig 2010, taifeadadh gach sócmhainn chaipitil ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann clár na sócmhainní ionad lonnaithe an ghnólachta atá ag baint úsáide as an tsócmhainn. Dá thoradh sin, níorbh fhéidir na sócmhainní a scoilt idir na haonaid sin atá fós sa Roinn agus na cinn sin a bhí le haistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealaimh oifige a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní trealaimh TE a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar dímheas ar shócmhainní a ghearradh chuig gach Roinn ar bhonn líon na foirne.

## 2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ag 31 Nollaig 2011

| | Feidhmchláir ríomhaireachta in-tí €000 |
|---|---|
| Iarmhéid ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011 | — |
| Méideanna aistrithe ón Roinn Airgeadais | 186 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 43 |
| Aistrithe chuig clár sócmhainne | (97) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011 | 132 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 718 | — |
| Orduithe gan íoc | (1) | — |
| | 717 | — |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 18 | — |
| Ábhair inchaite TF | 7 | — |
| | 25 | — |

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 6) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 42) a gcuid stoc. Le haghaidh éifeachtúlachta agus áisiúlachta, déantar caiteachas ar stáiseanóireacht agus stoic a thaifeadadh faoi Vóta 6 agus déantar caiteachas ar ábhair TF a thaifeadadh faoi Vóta 42. Mar sin féin, toisc go nglactar leis go roinntear na stoic, áirítear iad sna nótaí i ndáil le costas oibriúcháin a ghabhann le Cuntais Vóta 6 agus Vóta 42 agus leithdháiltear iad ar bhonn líon foirne sna Ranna faoi seach.

## 2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 4 | — |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 77 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 44 | — |
| | 125 | — |

## 2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 295 | — |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 98 | — |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 16 | — |
| Cáin Bhreisluacha | 2 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 26 | — |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 87 | — |
| | 524 | — |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 42 | — |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 91 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 59 | — |
| | 716 | — |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,790 | — |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (4,664) | — |
| Glandliteanas don Státchiste | 126 | — |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 717 | — |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 125 | — |
| | 842 | — |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (524) | — |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (192) | — |
| | (716) | — |
| | 126 | — |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 401 | — |

## 3 Caiteachas Cláir

| | | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Polasaí Earnálach agus Caiteachais Phoiblí** | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 7,550 | 7,637 | 8,110 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 112 | 155 | 79 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta (deontas-i-gcabhair) | | 2,700 | 2,700 | 3,075 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | | 905 | 791 | 892 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair) | | 740 | 657 | 670 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | | 4,040 | 3,573 | 3,581 |
| A.7 | Comhlacht Cláir AE Speisialta | | 1,247 | 1,168 | 1,122 |
| A.8 | INTERREG trasnáisiúnta agus na hÉireann/na Breataine Bige | | 385 | 384 | 436 |
| A.9 | Athchóiriú na bainistíochta soláthair | | 140 | — | — |
| A.10 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | | 16 | 14 | 16 |
| | | | **17,835** | **17,079** | **17,981** |
| **B** | **Polasaí Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí** | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | 14,023 | 11,907 | 10,845 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 939 | 875 | 1,222 |
| B.3 | An Foras Riaracháin (deontas-i-gcabhair) | | 3,000 | 3,000 | 3,400 |
| B.4 | Gaelagras na seirbhíse poiblí | | 120 | 40 | 234 |
| B.5 | Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | | 65 | 35 | 32 |
| B.6 | Comhlacht athbhreithnithe ardtuarastal san earnáil phoiblí | | 1 | — | 48 |
| B.7 | Comhlacht tagarmharcála na seirbhíse poiblí | | 1 | — | — |
| B.8 | Coiste na ndámhachtainí feidhmíochta | | 1 | — | — |
| B.9 | An lárionad um fhorbairt bhainistíochta agus eagrúcháin | | 1,530 | 1,090 | 1,123 |
| B.10 | An ciste um bainistiú | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,780 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (1,499) | 1,281 | 354 | 324 |
| B.11 | Tionscnamh cúram leanaí na státseirbhíse | | 25 | 8 | 45 |
| B.12 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | | 159 | 41 | 61 |
| B.13 | An Coimisiún Reifrinn (Fiosrúcháin Phoiblí) | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | — | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 1,500 | 1,500 | 669 | — |
| | | | **22,645** | **18,019** | **17,334** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim a soláthraíodh sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5% (25% I gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.4 | 114 | Tharla an choigilt de bharr costais taistil a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil. |
| A.6 | 467 | Tagann éagsúlachtaí chun cinn toisc go bhfuil sé deacair dátaí agus éilimh um tharraingt anuas i ndáil le tuarastail a mheas le cruinneas. |
| A.9 | 140 | Tharla an choigilt toisc nár chuathas ar aghaidh le clár oiliúna. |
| B.9 | 440 | Tharla an choigilt de bharr roinnt forálacha beartaithe a iarchuireadh agus ó laghduithe a baineadh amach in idirbheartaíochtaí conartha. |
| B.10 | 927 | Tharla an choigilt toisc gur cuireadh moill ar an gclár athchóirithe mar thoradh ar aistriú níos déanaí ná mar a ceapadh á dhéanamh ar fheidhmeanna agus moilleanna i ndátaí tosaithe iliomad príomhthionscadal. |
| B.12 | 118 | Ba é a bhí i gceist leis an meastachán ná soláthar ginearálta ar aidhm leis aon chaiteachas comhairleachta a chlúdach ar féidir go mbeadh sé ag teastáil. Tabhaíodh níos lú caiteachais ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| B.13 | 831 | Tharla an choigilt de bharr úsáid chomhfheachtais fhaisnéise agus ábhair ag clúdach an Reifreann ar Fhiosrúcháin an Oireachtais agus an Reifreann ar Luach Saothair na mBreitheamh. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1.Fáltais ó sheirbhísí ríomhaireachta arna soláthar ag an Lárionad um Fhorbairt Bhainistíochta agus Eagrúcháin | — | — | 3 |
| 2. Fáltais ó Ranna maidir le ranganna na dteangacha iasachta | — | 19 | 39 |
| 3. Cláir an AE | 2,890 | 2,229 | 1,258 |
| 4. Farasbairr um shreabhadh airgid pinsean | 884 | 613 | — |
| 5. Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,859 | 2,155 | 2,155 |
| 6. Ilghnéitheach | 6 | 31 | 579 |
| **Iomlán** | **5,639** | **5,047** | **4,034** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 3. | 661 | Bhí an tsuim níos ísle ná mas a tuaradh de bharr roinnt moilleanna i gcaiteachas ar thionscadail agus aisíocaíochtaí iarmhartacha níos déanaí ó Choimisiún an AE. |
| 4. | 271 | Bhí fáltais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo de bharr ardleibhéal scoir. |
| 5. | (296) | Ní féidir leibhéal na bhfáltas a mheas go cruinn toisc go bhfuil éagsúlacht i gceist leo ag brath ar an líon foirne fostaithe agus tá éagsúlacht ar an gcéatadán asbhainte ag brath ar leibhéal tuarastail na bhfostaithe ar leith. |

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

Aistríodh €697,894 chuig an Státchiste i gcaitheamh na bliana. Baineann sé seo le méid amháin a fuarthas ó Fhochoiste Iontaobhaithe Náisiúnta SIPTU nach raibh cuí don Vóta.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 281 | 324 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá [1] | 19,938 | 19,774 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 131 | 67 |
| Liúntais eile | 92 | 155 |
| Ragobair | 46 | 42 |
| ÁSPC an Fhostóra | 799 | 744 |
| **Pá iomlán** | **21,006** | **20,782** |

[1] Tá pá na gceanntheideal A.1, A.4, A.7, A.10, B.1, B.4, B.5. san áireamh san fhigiúr iomlán pá.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 21 | 5 | 19,877 | 18,166 |
| Liúntais eile | 57 | — | 3,975 | 7,249 |
| Ragobair | 28 | 1 | 12,393 | 6,739 |

**Tabhair faoi deara:** Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

## 5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €36,536 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn don bhliain ar fad agus a íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% an AHCPS, fuair 29 n-oifigeach €64,032 san iomlán i ndáil le liúntais sinsearachta.

Athcheapadh ceathrar státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán de €4,459.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú an AE

Áiríonn an toradh atá léirithe i Theideal A.4., A.5. agus A.6. íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE (m.sh. ERDF, Interreg s.rl.).

| Teideal | Cur Síos | 2011 Meastachán €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| A4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 905 | 791 | 766 |
| A5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair) | 740 | 657 | 670 |
| A6 | Clár Síochána/ Interreg Thuaisceart Éireann | 4,040 | 3,573 | 3,581 |
| | | 5,685 | 5,021 | 5,017 |

## 6.2. Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Bord Eadrána na Státseirbhíse | 1950/51 | 35 | 32 |
| Comhlacht Athbhreithnithe ar Luach Saothair Níos Airde sa tSeirbhís Phoiblí | 1969/70 | — | 48 |
| | | 35 | 80 |